**RABHADH**
**NÍ MÓR duit an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an scrúdaithe nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003

# GNÓ - ARDLEIBHÉAL

**(400 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN 11 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 am – 12.30 pm**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT**

**(A)** **Ocht gceist as Roinn 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar Ghnó Feidhmeach i Roinn 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2**
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara le do thoil dáileadh na marcanna ar na ceisteanna**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**

**Cuimhnigh gur gá an páipéar scrúdaithe seo a chur ar ais le leabha(i)r freagraí atá á (n-)úsáid agat chun Roinn a 2 agus Roinn a 3 a fhreagairt.**

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2003

## Gnó – Ardleibhéal

## ROINN 1 – CEISTEANNA FREAGRAÍ GEARRA

**(80 marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair 8 gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an páipéar scrúdaithe seo ar ais le do thoil in éineacht le do leabha(i)r freagraí.**

**1.** Mínigh an téarma Tionscal Seirbhíse

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

**2.** Déan idirdhealú idir P45 agus P60

(i)__________________________________________________

______________________________________________________

(ii) _________________________________________________

______________________________________________________

**3.** Dréachtaigh agus Lipéadaigh Struchtúr Eagraíochta tipiciúil do do rogha féin eagraíochta.

**4.** Críochnaigh an abairt seo:
Cuidíonn Cumasú Comhachtú le gnólacht chun:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**5.** Tá liosta téarmaí gnó i gColún 1. Tá liosta míniúchán a d'fhéadfaí a thabhairt ar na téarmaí seo i gColún 2. Meaitseáil an dá liosta tríd an litir a ghabhann leis an míniúchán ceart a chur taobh leis an uimhir chuí thíos. Tá míniúchán amháin gan meaitseáil.

| **Colún 1: Téarmaí** | **Colún 2: Míniúcháin** |
|---|---|
| 1. Pleanáil | (a) Samhail bhunaidh a ndéantar cóipeanna a chruthú nó a fhorbairt as ina dhiaidh sin. |
| 2. Réamhghníomhach | (b) Iarratas scríofa ag lorg árachais, an clúdach is gá breactha ann agus na fíricí go léir san áireamh. |
| 3. Foirm thogra | (c) Luach á chur ar obair fostaí agus é seo á nascadh de ghnáth le leibhéal tuarastail agus sochair eile. |
| 4. Measúnú feidhmíochta | (d) Roghnú spriocanna eagraíochta don todhchaí agus aimsiú na mbealaí chun iad a bhaint amach. |
| 5. Fréamhshamhail | (e) Doiciméad a sheolann fostóir chuig an oifig chánach, ar son gach fostaí, roimh thús na bliana cánach. |
| | (f) Céimeanna dearfacha á nglacadh chun cuspóirí a bhaint amach seachas fanacht ar rudaí tarlú. |

| **1** | | **2** | | **3** | | **4** | | **5** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**6.** Ainmnigh ceithre chineál Rialúcháin i gcúrsaí gnó.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**7.** Déan idirdhealú idir Deontais agus Fóirdheontais.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8.** Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma “Gnólacht Dúchasach”

**9.** Sainmhínigh Boilsciú:

**10.** Dréachtaigh Barra-Chairt ó na sonraí seo a leanas:

| Catagóir Costais | % |
|---|---|
| Margaíocht | 10 |
| Iompar | 20 |
| Amhábhair | 25 |
| Saothar | 30 |
| Speansais | 15 |

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR ARAIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ**

# ROINN 2
**(80 Marc)**

**Ceist éigeantach is ea í seo.**

# Ceist ar Ghnó Fheidhmeach.

**Clí-He Teo.**

Ainmbhranda nua is ea Clí-He i ngnó na mbréagán agus na gcluichí do pháistí. Tá an t-ainm céanna ar fhiontar nua gnó a bhunaigh Clodagh le déanaí. Céimí san innealtóireacht í, a bhfuil féith na dearthóireachta inti, agus le blianta beaga anuas, ghnóthaigh sí dhá ghradam nuálaíochta d'fhorbairt táirgí. Feiceann Clodagh go bhfuil deis bhreá ann do ghnólacht le bunsmaointe nua sa réimse gnó fóillíochta do pháistí, réimse atá ag fás i gcónaí. Tá dúshláin mhóra, áfach, ag baint le fiontar nua gnó a chur ar bun, go háirithe maidir leis na hacmhainní agus an taithí riachtanach a aimsiú.

Tá Clodagh ag beartú margaíocht an bhranda Clí-He a dhíriú ar dheighleog nideogach den mhargadh "glas". Tá an margadh nideogach seo comhdhéanta de thomhaltóirí ar chás leo an timpeallacht, a bhfuil ardioncam indiúscartha acu, agus páistí óga acu freisin. Léireoidh praghas na dtáirgí ag Clí-He an sainluach timpeallachta seo ach ní bheidh an réimse praghsanna chomh hard le táirgí a chuid iomaitheoirí.

Tá sé i gceist ag Clodagh go dtabharfaidh an gnó aird ar an timpeallacht sna modhanna táirgíochta uile a bheidh aige agus bainfear úsáid as amhábhair le haird ar riachtanais na timpeallachta. Léireoidh a chuid margaíochta an íomhá ghlas seo go soiléir dá chuid custaiméirí. Tá suíomh in Éirinn don fhiontar nua gnó seo aontaithe le Enterprise Ireland. Ar na pleananna atá ann don todhchaí tá magaíocht a chuid táirgí san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus in áiteanna eile ar fud an domhain trí úsáid an idirlín. Braitheann Clodagh go mbeidh rath ar an trádáil ar líne san am atá le teacht agus gur sárbhealach é chun margaíocht a dhéanamh ar an réimse táirgí nua aici don spriocmhargadh.

**(A)** Déan anailís ar fhoinse amháin gearrtéarma agus ar fhoinse amháin fadtéarma chuí airgeadais a bheadh ar fáil do bhunú Clí-He. (30 marc)

**(B)** Déan cur síos ar an gcaoi is féidir le Clodagh a chinntiú gur cuideachta í Clí-He a thugann aird chuí ar an timpeallacht. (30 marc)

**(C)** Pléigh na dúshláin atá roimh Clí-He chun margaí a fhorbairt thar lear. Bíodh tagairtí agat don téacs thuas i do fhreagra.

(20 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 Marc)**

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1
# Daoine i nGnó / Timpeallacht Ghnó

| **Daoine i nGnó** |
|---|

### Ceist 1

**(A)** Rianaigh an ról atá ag grúpaí sainleasa i gcúrsaí gnó. (10 marc)

**(B)** Mínigh, agus samplaí á lua agat mar is cuí, na míreanna riachtanacha i gconradh bailí. (30 marc)

**(C)** Mínigh cén bhrí atá le *Leithcheal* de réir mar a leagtar síos é san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998. Liostaigh cúig fhoras ar leith a dhéanann an leithcheal mídhleathach de réir an Achta. (20 marc)

**(60 marc)**

| **Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta** |
|---|

### Ceist 2

| *Ní mór do ghníomhaíochtaí agus do struchtúir ghnó agus pobail athrú agus iad féin a chur in oiriúint do dhúshláin nua. Is é an idirghníomhaíocht phleanáilte idir lucht gnó, an pobal áitiúil, gníomhaireachtaí rialtais agus an tsochaí an bhonnchloch ar a mbunaítear rathúlacht na n-earnálacha uile.* |
|---|

**(A)** Déan comparáid idir Comhghuaillíochtaí Gnó agus Saincheadúnú mar chineálacha éagsúla eagraíochtaí gnó. Bain úsáid as samplaí mar léiriú ar do fhreagra. (30 marc)

**(B)** **(i)** Sainmhínigh Forbairt Pobail. (10 marc)

**(ii)** Déan anailís ar an gcaoi gur féidir le pobail áitiúla agus gnólachtaí áitiúla leas a bhaint as láithreacht a chéile i gceantar. Bain úsáid as sampla **i ngach aon chás** acu chun léiriú a thabhairt ar do fhreagra. (20 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta

### Ceist 3

*Le bunú an AE cruthaíodh do na ballstáit uile, comhbheartais tráchtála, achar gan teorainneacha inmheánacha agus cuireadh forbairt eacnamaíochta agus shóisialta chun cinn ar fud na hEorpa.*

**(A)** Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an Margadh Eorpach Aonair do chúrsaí gnó in Éirinn. (40 marc)

**(B)** Léirigh, agus sampla cuí á thabhairt agat, cé mar théann Beartas de chuid an Aontais Eorpaigh i gcion ar ghníomhaíocht Geilleagair in Éirinn. (20 marc)

**(60 marc)**

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ.**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

| Bainistíocht |
|---|

### Ceist 4

*Tá aird faoi leith á tabhairt ar fhorbairt scileanna fiontraíochta agus gnó-eagraíochta ní in Éirinn amháin ach i dtíortha eile ar fud an domhain faoi láthair. Tuigtear go mbaineann an fhiontraíocht le gach sórt eagraíochtaí, beag, mór, áitiúil agus idirnáisiúnta.*

**(A)** Déan cur síos ar an tuiscint atá agat ar an téarma fiontraíocht. (10 marc)

**(B)** Ainmnigh na tréithe pearsanta a bhaineann le daoine a bhíonn ráthúil i gcúrsaí gnó. (20 marc)

**(C)** Léirigh conas a d'fhéadfaí scileanna fiontraíochta a úsáid chun cur le leas **aon cheann** acu seo:
(i) An pobal áitiúil
**nó**
(ii) Roinn Rialtais (30 marc)

**(60 marc)**

| Bainistíocht |
|---|

### Ceist 5

*Deirtear go nglacann Bainisteoirí réimse leathan ról orthu féin agus cuspóirí eagraíochta á mbaint amach acu. Bíonn orthu tuairisciú ar obair dhaoine eile chomh maith lena gcuid oibre féin, agus oibríonn siad le daoine eile agus trí dhaoine eile ar gach leibhéal den eagraíocht.*

Déan luacháil, sa chomhthéacs thuas, ar na Scileanna Bainistíochta seo:

(i) Ceannaireacht
(ii) Spreagadh agus
(iii) Cumarsáid a dhéanamh.

**(60 marc)**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 6

*Deineann an Bainisteoir Acmhainní Daonna deimhin de go ndéanann an lucht saothair a gcion le spriocanna na heagraíochta a bhaint amach.*

**(A)** Breac síos na feidhmeanna atá ag Bainisteoir Acmhainní Daonna. (25 marc)

**(B)** Pléigh na buntáistí a bhaineann le hobair bhuíne in eagraíocht ghnó. (20 marc)

**(C)** Mínigh cúig bhealach éagsúil chun sochair a thabhairt d'oibrithe in eagraíocht gnó.
(15 marc)
**(60 marc)**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 7

**(A)** Léirigh dhá fhoinse inmheánacha agus dhá fhoinse sheachtracha de smaointe nua do tháirge nó do sheirbhís.
(25 marc)

**(B)** *Má tá rath i ndán don Mheascadh Margaíochta, ní mór dó a bheith bunaithe ar riachtanais custaiméirí agus ní mór dó seasamh leis an íomhá atá riachtanach don táirge nó don tseirbhís áirithe.*

Déan anailís, ar mhíreanna an mheascadh margaíochta, i gcás do rogha táirge nó seirbhíse.
(35 marc)

**(60 marks)**

**NÍ MÓR DUIT AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ.**